(7) in Airteagal 13.03, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

“1. La conduite d’un bâtiment [...] sur une voie d’eau recensée comme tronçon de voie d’eau intérieure présentant des risques spécifiques au sens du chiffre 2 ci-après nécessite à cet effet une autorisation spécifique.

2. Lorsque cela s’avère nécessaire pour assurer la sécurité de la navigation, les États riverains peuvent recenser des tronçons qui traversent leur propre territoire comme tronçons de voies d’eau intérieures présentant des risques spécifiques, lorsque ces risques sont dus à l’une ou plusieurs des raisons suivantes:

a) des modifications fréquentes des structures des flux et de leur vitesse;

b) les caractéristiques hydromorphologiques de la voie d’eau intérieure et l’absence, sur la voie d’eau intérieure, de services d’information sur les chenaux adéquats ou de graphiques appropriés;

c) l’existence d’une réglementation spécifique du trafic local justifiée par des caractéristiques hydromorphologiques de la voie d’eau intérieure, ou

d) une fréquence élevée d’accidents sur un tronçon particulier de la voie d’eau intérieure, attribuée à l’absence d’une compétence qui n’est pas couverte par l’ES-QIN, Partie I, Chapitre 2.”;

(8) in Airteagal 13.04, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. La conduite d’un bâtiment sur des voies d’eau intérieures à caractère maritime nécessite à cet effet une autorisation spécifique.”;

(9) in Airteagal 13.05, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. La conduite d’un bâtiment utilisant du gaz naturel liquéfié comme combustible nécessite à cet effet une autorisation spécifique. Cela est attesté par un certificat de qualification correspondant d’expert en gaz naturel liquéfié.”;

(10) in Airteagal 13.06, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. La conduite d’un grand convoi nécessite à cet effet une autorisation spécifique.

Tout candidat doit pouvoir attester un temps de navigation d’au moins 720 jours, dont au moins 540 jours comme conducteur et au moins 180 jours au cours desquels il a décidé seul du cap et de la vitesse d’un gros convoi.”;

(11) in Airteagal 20.01, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Les livrets de service délivrés ou dont la validité a été prorogée conformément aux prescriptions applicables jusqu’à l’entrée en vigueur du présent règlement restent valables dans la mesure fixée par lesdites prescriptions jusqu’à leur date d’expiration initiale, mais au plus tard jusqu’au 17 janvier 2032. La phrase 1 ci-avant s’applique aussi aux livrets de service reconnus équivalents par la CCNR.”;

(12) in Airteagal 20.02, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Les livres de bord délivrés ou dont la validité a été prorogée conformément aux prescriptions applicables jusqu’à l’entrée en vigueur du présent règlement restent valables dans la mesure fixée par lesdites prescriptions jusqu’à leur date d’expiration initiale, mais au plus tard jusqu’au 17 janvier 2032. La phrase 1 ci-avant s’applique aussi aux livres de bord reconnus équivalents par la CCNR.”;

(13) in Airteagal 20.03, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Les grandes ou petites patentes du Rhin **délivrées ou dont la validité a été prorogée** conformément aux prescriptions applicables jusqu’à l’entrée en vigueur du présent règlement restent valables dans la mesure fixée par lesdites prescriptions jusqu’à leur date d’expiration initiale, mais au plus tard jusqu’au 17 janvier 2032.”;

(14) in Airteagal 20.08, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“Les membres de l’équipage des navires de mer naviguant sur le Rhin peuvent attester leur compétence au moyen d’un certificat délivré ou reconnu conformément à la Convention STCW. Ceci ne s’applique au conducteur que jusqu’au 17 janvier 2038 et à condition que l’activité de navigation intérieure soit effectuée au début ou à la fin d’un trajet de transport maritime.”.

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1913 ÓN gCOIMISIÚN**an 4 Deireadh Fómhair 2022****maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le bolgach caorach agus bolgach gabhar sa Spáinn***(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 7162)***(Is é an téacs Spáinnise amháin atá barántúil)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is galair víreasacha tógálacha bolgach caorach agus bolgach gabhar a bhíonn ar ainmhithe de chineál caorach nó gabhair agus d’fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith acu ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha. I gcás ráig den ghalar sin in ainmhithe de chineál gabhair agus den chineál caorach, tá riosca tromchúiseach ann go leathfaidh sé go bunaíochtaí eile ina gcoimeádtar na hainmhithe sin.
- (2) Sainmhínítear bolgach caorach agus bolgach gabhar mar ghalar de chatagóir A i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ⁽²⁾. Ina theannta sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ⁽³⁾ forlíontar na rialacha i dtaca le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainítear mar ghalair i gcatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882. Go háirithe, déantar foráil in Airteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar i gcatagóir A, lena n-áirítear bolgach caorach agus bolgach gabhar, agus maidir le bearta áirithe rialaithe galar a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.
- (3) Chuir an Spáinn an Coimisiún ar an eolas maidir le staid reatha na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar ar a críoch, tar éis ráig den ghalar sin in ainmhithe den chineál gabhair agus ainmhithe den chineál caorach i réigiún na hAndalúise, a deimhníodh an 19 Meán Fómhair 2022. Ina theannta sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, bhunaigh sí crios srianta, ina gcuimsítear criosanna cosanta agus faireachais, ina gcuirtear i bhfeidhm na bearta ginearálta rialaithe galar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, chun leathadh breise an ghalair sin a chosc. Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1639 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ de dhroim na faisnéise a fuarthas ón Spáinn maidir leis an ráig sin.
- (4) Ó dháta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1639, tá tuilleadh forbartha tagtha ar an staid eipidéimeolaíoch sa Spáinn maidir le bolgach caorach agus bolgach gabhar le dhá ráig bhreise san Andalúis agus sé ráig i réigiún Castilla - La Mancha. Dá réir sin, lean an Spáinn de na bearta rialaithe galar is gá a chur chun feidhme agus tá sonraí faireachais breise bailithe aici.

⁽¹⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64).

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1639 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2022 maidir le bearta áirithe eatramhacha éigeandála a bhaineann le bolgach caorach agus bolgach gabhar sa Spáinn (IO L 247, 23.9.2022, lch. 69).

- (5) Ina theannta sin, chuir an Spáinn an Coimisiún agus an Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha ar an eolas, in éagmais bearta maolaithe riosca atá dírithe go speisialta ar bholgach caorach agus ar bholgach gabhar in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus ag feitheamh le leasú ar an Iarscríbhinn sin, go gcuirfidh sí i bhfeidhm na bearta maolaithe riosca a leagtar amach san Iarscríbhinn sin maidir le galar an chraicinn chnapánaigh, maidir le feoil agus bainne ó ainmhithe den chineál gabhair agus den chineál caorach de thionscnamh na gcriosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin. Tá sé ráite ag an Spáinn gur gá di na bearta maolaithe riosca sin a dhéanamh a chuireann san áireamh an chosúlacht idir víreas na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar agus galar an chraicinn chnapánaigh, dhá víreas a bhaineann leis an bhfine Poxviridae agus leis an ngéineas Capripoxvirus.
- (6) Agus éabhlóid na staide eipidéimeolaíche a mhéid a bhaineann le bolgach caorach agus bolgach gabhar sa Spáinn á cur san áireamh, agus chun aon chur isteach neamhriachtanach ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair laistigh den Aontas a sheachaint, agus chun bacainní gan údar ar thrádáil ag tríú tíortha a sheachaint, is gá na criosanna srianta do bholgach caorach agus do bholgach gabhar, ina bhfuil criosanna cosanta agus faireachais, sa Bhallstát sin a shainnithint go tapa ar leibhéal an Aontais. Dá réir sin, na limistéir reatha a aithnítear mar chriosanna cosanta agus faireachais sa Spáinn i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ba cheart iad a liostáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo agus ba cheart fad an réigiúnaithe sin a shocrú. Ina theannta sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1639 a aisghairm agus an Cinneadh seo a chur ina ionad.
- (7) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar, tá sé tábhachtach go mbeadh feidhm ag na bearta a leagtar síos sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo a luaithe is féidir.
- (8) Ina theannta sin, agus aird á tabhairt ar an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair san Aontas a mhéid a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Nollaig 2022.
- (9) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leis an gCinneadh seo, bunaítear an méid seo a leanas ar leibhéal an Aontais:

- (a) na criosanna srianta ina gcuimsítear criosanna cosanta agus faireachais atá le bunú ag an Spáinn tar éis ráig nó ráigeanna de bholgach caorach agus de bholgach gabhar sa Spáinn, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;
- (b) fad na mbeart rialaithe galar atá le cur i bhfeidhm sna criosanna cosanta i gcomhréir le hAirteagal 39 agus sna criosanna faireachais i gcomhréir le hAirteagal 55 den Rialachán Tarmligthe sin i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

Airteagal 2

Criosanna srianta a bhunú

Áiritheoidh an Spáinn:

- (a) go mbunóidh údarás inniúil an Bhallstáit sin láithreach criosanna srianta ina bhfuil criosanna cosanta agus faireachais i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus faoi na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal sin;
- (b) go gcuimseoidh an crios cosanta agus an crios faireachais dá dtagraítear i bpointe (a) ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3***Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1639 a aisghairm**

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1639.

*Airteagal 4***Feidhm**

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Nollaig 2022.

*Airteagal 5***Seolaí**

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Uimhir thagartha ADIS den ráig	Limistéir a bunaíodh mar an crios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
ES-CAPRIPOX-2022-00001	<p>An crios cosanta: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 37,6035642, domhanfhad – 2,6936342</p>	14 Deireadh Fómhair 2022
	<p>An crios faireachais: Na codanna sin lasmuigh den limistéar a dtugtar tuairisc air sa chrios cosanta agus atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 gciliméadar agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 37,6035642, domhanfhad – 2,6936342</p>	23 Deireadh Fómhair 2022
	<p>An crios faireachais: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 37,6035642, domhanfhad – 2,6936342</p>	Ón 15 go dtí an 23 Deireadh Fómhair 2022
ES-CAPRIPOX-2022-00002	<p>An crios cosanta: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 37,5863689, domhanfhad – 2,6521595</p>	19 Deireadh Fómhair 2022
	<p>An crios faireachais: Na codanna sin lasmuigh den limistéar a dtugtar tuairisc air sa chrios cosanta agus atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 gciliméadar agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 37,5863689, domhanfhad – 2,6521595</p>	28 Deireadh Fómhair 2022
	<p>An crios faireachais: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 37,5863689, domhanfhad – 2,6521595</p>	Ón 20 go dtí an 28 Deireadh Fómhair 2022
ES-CAPRIPOX-2022-00003	<p>An crios cosanta: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,5900156, domhanfhad – 2,6593263</p>	28 Deireadh Fómhair 2022

Uimhir thagartha ADIS den ráig	Limistéir a bunaíodh mar an crios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
	<p>An crios faireachais: Na codanna sin lasmuigh den limistéar a dtugtar tuairisc air sa chrios cosanta agus atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 gciliméadar agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,5900156, domhanfhad – 2,6593263</p>	6 Samhain 2022
	<p>An crios faireachais: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,5900156, domhanfhad – 2,6593263</p>	Ón 29 Deireadh Fómhair go dtí an 6 Samhain 2022
ES-CAPRIPOX-2022-00004	<p>An crios cosanta: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,5928739, domhanfhad – 2,6693747</p>	28 Deireadh Fómhair 2022
	<p>An crios faireachais: Na codanna sin lasmuigh den limistéar a dtugtar tuairisc air sa chrios cosanta agus atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 gciliméadar agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,5928739, domhanfhad – 2,6693747</p>	6 Samhain 2022
	<p>An crios faireachais: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,5928739, domhanfhad – 2,6693747</p>	Ón 29 Deireadh Fómhair go dtí an 6 Samhain 2022
ES-CAPRIPOX-2022-00005	<p>An crios cosanta: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 37,6160813, domhanfhad – 2,7256039</p>	28 Deireadh Fómhair 2022
	<p>An crios faireachais: Na codanna sin lasmuigh den limistéar a dtugtar tuairisc air sa chrios cosanta agus atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 gciliméadar agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 37,6160813, domhanfhad – 2,7256039</p>	6 Samhain 2022
	<p>An crios faireachais: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 37,6160813, domhanfhad – 2,7256039</p>	Ón 29 Deireadh Fómhair go dtí an 6 Samhain 2022
ES-CAPRIPOX-2022-00006	<p>An crios cosanta: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,6168798, domhanfhad – 2,6208532</p>	1 Samhain 2022

Uimhir thagartha ADIS den ráig	Limistéir a bunaíodh mar an crios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
	An crios faireachais: Na codanna sin lasmuigh den limistéar a dtugtar tuairisc air sa chrios cosanta agus atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 gciliméadar agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,6168798, domhanfhad – 2,6208532	10 Samhain 2022
	An crios faireachais: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,6168798, domhanfhad – 2,6208532	Ón 2 Samhain 2022 go dtí an 10 Samhain 2022
ES-CAPRIPOX-2022-00007	An crios cosanta: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,5855338, domhanfhad – 2,6638083	1 Samhain 2022
	An crios faireachais: Na codanna sin lasmuigh den limistéar a dtugtar tuairisc air sa chrios cosanta agus atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 gciliméadar agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,5855338, domhanfhad – 2,6638083	10 Samhain 2022
	An crios faireachais: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,5855338, domhanfhad – 2,6638083	Ón 2 Samhain 2022 go dtí an 10 Samhain 2022
ES-CAPRIPOX-2022-00008	An crios cosanta: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,5852137, domhanfhad – 2,6648247	1 Samhain 2022
	An crios faireachais: Na codanna sin lasmuigh den limistéar a dtugtar tuairisc air sa chrios cosanta agus atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 gciliméadar agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,5852137, domhanfhad – 2,6648247	10 Samhain 2022
	An crios faireachais: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,5852137, domhanfhad – 2,6648247	Ón 2 Samhain 2022 go dtí an 10 Samhain 2022
ES-CAPRIPOX-2022-00009	An crios cosanta: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,5941535, domhanfhad – 2,6691450	1 Samhain 2022

Uimhir thagartha ADIS den ráig	Limistéir a bunaíodh mar an crios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
	An crios faireachais: Na codanna sin lasmuigh den limistéar a dtugtar tuairisc air sa chrios cosanta agus atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 gciliméadar agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,5941535, domhanfhad – 2,6691450	10 Samhain 2022
	An crios faireachais: Na codanna sin laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas; domhanleithead 39,5941535, domhanfhad – 2,6691450	Ón 2 Samhain 2022 go dtí an 10 Samhain 2022

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1914 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Deireadh Fómhair 2022

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le gairis snámhachta phearsanta — áiseanna snámhachta, seaicéid tarrthála, agus gabhálais

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 10(6) agus Airteagal 11(1), pointe (a), de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gcoiste arna bhunú le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, trealamh cosanta pearsanta atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó le codanna de na caighdeáin sin, glactar leis go bhfuil sé i gcomhréir leis na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó leis na codanna sin díobh.
- (2) Le litir M/031 dar teideal “Sainordú caighdeánaithe do CEN/Cenelec maidir le caighdeáin i ndáil le trealamh cosanta pearsanta”, rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil (Cenelec) caighdeáin chomhchuibhithe a fhorbairt agus a tharraingt suas chun tacú le Treoir 89/686/CEE ón gComhairle ⁽³⁾. Ar bhonn iarraidh M/031 um chaighdeánú, dhréachtaigh CEN roinnt caighdeáin nua agus rinne sé athbhreithniú ar roinnt caighdeáin chomhchuibhithe a bhí ann cheana, lena n-áirítear na caighdeáin i ndáil le gairis snámhachta phearsanta.
- (3) An 19 Samhain 2020, chuaigh iarraidh M/031 um chaighdeánú in éag agus cuireadh iarraidh nua um chaighdeánú ina hionad faoi mar a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 7924 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾.
- (4) Ar bhonn iarraidh M/031 um chaighdeánú agus ar bhonn na hiarrata um chaighdeánú a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924, dhréachtaigh CEN agus Cenelec na caighdeáin chomhchuibhithe nua EN ISO 12402-2:2020, EN ISO 12402-3:2020 agus EN ISO 12402-4:2020 i ndáil le seaicéid tarrthála, EN ISO 12402-5:2020 i ndáil le háiseanna snámhachta, EN ISO 12402-6:2020 i ndáil le seaicéid tarrthála agus áiseanna snámhachta sainfeidhme, agus EN ISO 12402-8:2020 i ndáil le gabhálais gaireas snámhachta pearsanta.
- (5) I mí na Samhna 2020, rinne an tSualainn agóid fhoirmiúil in aghaidh na gcaighdeán chomhchuibhithe EN ISO 12402-2:2020, EN ISO 12402-3:2020, agus EN ISO 12402-4:2020, caighdeáin nár foilsíodh na tagairtí dóibh go dtí sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽¹⁾ IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le trealamh cosanta pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (IO L 81, 31.3.2016, lch. 51).

⁽³⁾ Treoir 89/686/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh cosanta pearsanta (IO L 399, 30.12.1989, lch. 18).

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924 ón gCoimisiún an 19 Samhain 2020 maidir le hiarraidh um chaighdeánú i ndáil le trealamh cosanta pearsanta ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus chuig Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

- (6) Ceapadh na caighdeán EN ISO 12402-5:2020, EN ISO 12402-6:2020 agus EN ISO 12402-8:2020 lena n-úsáid i gcomhar leis na caighdeán EN ISO 12402-2:2020, EN ISO 12402-3:2020 agus EN ISO 12402-4:2020 ar chaoi gur ceanglais faoi na caighdeán EN ISO 12402-5:2020, EN ISO 12402-6:2020 agus EN ISO 12402-8:2020 cuid d'inneachar na gcaighdeán EN ISO 12402-2:2020, EN ISO 12402-3:2020 agus EN ISO 12402-4:2020, nó inneachar iomlán na gcaighdeán sin. Dá bhrí sin, níor foilsíodh na tagairtí do na caighdeán EN ISO 12402-5:2020, EN ISO 12402-6:2020 ná EN ISO 12402-8:2020 go fóill in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* toisc gurbh ábhar agóide foirmiúla ón tSualainn iad EN ISO 12402-2:2020, EN ISO 12402-3:2020 agus EN ISO 12402-4:2020.
- (7) San fhógra ón tSualainn faoi Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, luaitear an agóid fhoirmiúil a chuir sí isteach roimhe sin i mí Mheán Fómhair 2014 i leith na gcaighdeán EN ISO 12402-2:2006, EN ISO 12402-3:2006 agus EN ISO 12402-4:2006 i ndáil le seaicéid tarrthála, caighdeán a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 89/686/CEE.
- (8) Chinn an Coimisiún na tagairtí do na caighdeán chomhchuibhithe EN ISO 12402-2:2006, EN ISO 12402-3:2006 agus EN ISO 12402-4:2006 a fhoilsiú, agus srian ag gabháil leo, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1217 ón gCoimisiún ⁽³⁾.
- (9) De réir na Sualainne, an locht a cuireadh in iúl san agóid fhoirmiúil a chuir sí isteach in 2014, tá sé fós ar na caighdeán EN ISO 12402-2:2020, EN ISO 12402-3:2020 agus EN ISO 12402-4:2020 faoi Rialachán (AE) 2016/425. Tagann Údarás na Sualainne um an Timpeallacht Oibre, sa mheastóireacht uaidh, ar an gconclúid nach bhfágann na caighdeán i ndáil le seaicéid tarrthála sin go nglactar leis go bhfuil na seaicéid tarrthála inséidte i gcomhréir le pointí 1.1.1, 1.2.1 agus 3.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425, agus nach bhfágann na caighdeán sin go nglactar leis go bhfuil comhréireacht ann le hítim 5 de na réamhbharúlacha in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425 maidir leis an measúnú riosca ón monaróir agus na ceanglais ó thaobh na húsáide a bheartaítear i réimsí úsáide intuartha.
- (10) D'fhreagair Coiste Teicniúil 162 — Meitheal 6 CEN na pointí a luaigh an tSualainn agus chuir in iúl go raibh inneachar sna moltaí Sualannacha lena gcuirfí srian ar an dearadh, gur tháinig na saineolaithe ar an gconclúid go bhfuil ceanglais sna caighdeán atá i gceist chun a áirithiú go gcumhdaítear agus go gcomhlíontar na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta, agus dá bharr sin ar fad nárbh fhéidir a mheas go raibh údar leis an agóid.
- (11) I ráiteas uathu i mí na Nollag 2020, dúirt an International Lifesaving Appliance Manufacturers' Association (Comhlachas Idirnáisiúnta Mhonoróirí na bhFearas Tarrthála) go gcloífidís le gach moladh leasaithe arna dhéanamh le linn an phlé le coiste teicniúil ISO um Threalamh Sábháilteachta Pearsanta (TC188 SC1) agus le húdarais na Sualainne, agus chuir siad inní in iúl maidir leis an bhféidearthacht go ndiúltofaí na caighdeán athbheithnithe EN ISO 12402-2:2020, EN ISO 12402-3:2020 agus EN ISO 12402-4:2020.
- (12) Tar éis don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar na caighdeán chomhchuibhithe EN ISO 12402-2:2020, EN ISO 12402-3:2020 agus EN ISO 12402-4:2020 in éineacht le hionadaithe na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara sa Sainghrúpa um Threalamh Cosanta Pearsanta, tháinig sé ar an gconclúid, i dtaca leis na clásail, sna caighdeán chomhchuibhithe sin, arb aidhm dóibh na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.1.1 maidir le Prionsabail an Dearaidh — Eirgeanamaíocht, i bpointe 1.2.1 maidir le Neamhurchóideacht TCP — Easpa rioscaí dúchasacha agus tosca núise eile, agus i bpointe 3.4 maidir le Cosaint i leachtanna d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425, nach dtugann na clásail sin aghaidh go leordhóthanach ar na rioscaí gaolmhara, go háirithe riosca an bhá i gcás na seaicéid tarrthála inséidte. Is amhlaidh nach bhfuil ceanglais shonracha sna caighdeán chomhchuibhithe ábhartha chun a áirithiú go n-oibreodh an gaireas séidte i gceart faoi gach cúinse réasúnta úsáide nó faoi gach cúinse réasúnta intuartha i dtaca le hiompar an úsáideora, chun cosaint leordhóthanach ar riosca an bhá a sholáthar. Dá bhrí sin, fuair an Coimisiún, maidir le táirgí arna ndearadh agus arna monarú de réir na gcaighdeán sin, go bhféadfaidís fós a bheith ina gcúis timpistí agus teagmhas d'úsáideoirí gairmiúla agus do thomhaltóirí.
- (13) Dá ainneoin sin, measann an Coimisiún, maidir leis na clásail eile de na caighdeán chomhchuibhithe EN ISO 12402-5:2020, EN ISO 12402-6:2020 agus EN ISO 12402-8:2020, nach ábhar agóide foirmiúla iad, go bhfuil siad fós bailí chun a fhágáil go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta i Rialachán (AE) 2016/425 is aidhm dóibh a chumhdach.

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1217 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2019 maidir leis na caighdeán chomhchuibhithe i ndáil le gairis snámhachta phearsanta — seaicéid tarrthála arna ndruchtú chun tacú le Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (IO L 192, 18.7.2019, lch. 32).

- (14) Ba cheart, dá bhrí sin, na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe EN ISO 12402-2:2020, EN ISO 12402-3:2020 agus EN ISO 12402-4:2020 a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus srian ag gabháil leo. Ba cheart go n-eisiafaí leis an srian sin na clásail shonracha de na caighdeáin sin arb aidhm dóibh na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a chumhdach a leagtar amach i bpointe 1.1.1 maidir le Prionsabail an Dearaidh — Eirgeanamaíocht, i bpointe 1.2.1 maidir le Neamhurchóideacht TCP — Easpa rioscaí dúchasacha agus tosca núise eile, agus i bpointe 3.4 maidir le Cosaint i leachtanna, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425.
- (15) Caighdeáin chomhchuibhithe EN ISO 12402-5:2020, EN ISO 12402-6:2020 agus EN ISO 12402-8:2020, comhlíonann siad na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach agus a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/425. Dá bhrí sin, is iomchúí na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (16) Is gá na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe EN ISO 12402-5:2006, EN ISO 12402-6:2006 agus EN ISO 12402-8:2006 a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ós rud é go ndearnadh athbhreithniú ar na caighdeáin sin.
- (17) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (18) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 a mhéid a bhaineann le foilsiú na gcaighdeán comhchuibhithe EN ISO 12402-2:2020, EN ISO 12402-3:2020 agus EN ISO 12402-4:2020 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur chun Feidhme (AE) 2020/668 mar a leanas:

- (1) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;
- (2) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo;
- (3) leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
"39.	EN ISO 12402-5:2020 Gairis snámhachta phearsanta — Cuid 5: Áiseanna snámhachta (leibhéal 50) — Ceanglais sábháilteachta (ISO 12402-5:2020)
40.	EN ISO 12402-6:2020 Gairis snámhachta phearsanta — Cuid 6: Seaicéid tarrthála agus áiseanna snámhachta sainfheidhme — Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála breise (ISO 12402-6:2020)
41.	EN ISO 12402-8:2020 Gairis snámhachta phearsanta — Cuid 8: Gabhálais — Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála (ISO 12402-8:2020)".

IARSCRÍBHINN II

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

Uimh.	An tagairt don chaighdeán	Dáta an tarraingt siar
"30.	EN ISO 12402-5:2006 Gairis snámhachta phearsanta — Cuid 5: Áiseanna snámhachta (leibhéal 50) — Ceanglais sábháilteachta (ISO 12402-5:2006)	7 Deireadh Fómhair 2022
31.	EN ISO 12402-6:2006 Gairis snámhachta phearsanta — Cuid 6: Seaicéid tarrthála agus áiseanna snámhachta sainfheidhme — Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála breise (ISO 12402-6:2006)	7 Deireadh Fómhair 2022
32.	EN ISO 12402-8:2006 Gairis snámhachta phearsanta — Cuid 8: Gabhálais — Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála (ISO 12402-8:2006)	7 Deireadh Fómhair 2022".

IARSCRÍBHINN III

In Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/668, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
“4.	<p>EN ISO 12402-2:2020</p> <p>Gairis snámhachta phearsanta — Cuid 2: Seaicéid tarrthála, leibhéal feidhmíochta 275 — Ceanglais sábháilteachta (ISO 12402-2:2020)</p> <p>Fógra:</p> <p>Cur i bhfeidhm chlásal 5.6 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.1.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425.</p> <p>Cur i bhfeidhm chlásail 5.1.2, 5.1.3, 5.1.5, 5.1.7, 5.2, 5.3.1.1, 5.3.1.2, 5.3.2.2, 5.3.2.3, 5.3.4.3, 5.3.4.4, 5.6.1.4, 5.6.1.7, 5.6.1.8, 5.6.1.9, 5.6.1.10 agus 5.6.1.11 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.2.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425.</p> <p>Cur i bhfeidhm chlásail 5.1.2, 5.2, 5.3.1.1, 5.3.2.2, 5.3.4.2, 5.3.4.4, 5.6.3 agus 5.7 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 3.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425.</p>
5.	<p>EN ISO 12402-3:2020</p> <p>Gairis snámhachta phearsanta — Cuid 3: Seaicéid tarrthála, leibhéal feidhmíochta 150 — Ceanglais sábháilteachta (ISO 12402-3:2020)</p> <p>Fógra:</p> <p>Cur i bhfeidhm chlásal 5.6 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.1.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425.</p> <p>Cur i bhfeidhm chlásail 5.1.2, 5.1.3, 5.1.5, 5.1.7, 5.2, 5.3.1.1, 5.3.1.2, 5.3.2.2, 5.3.2.3, 5.3.4.3, 5.3.4.4, 5.6.1.4, 5.6.1.7, 5.6.1.8, 5.6.1.9, 5.6.1.10 agus 5.6.1.11 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.2.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425.</p> <p>Cur i bhfeidhm chlásail 5.1.2, 5.2, 5.3.1.1, 5.3.2.2, 5.3.4.2, 5.3.4.4, 5.6.3 agus 5.7 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 3.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425.</p>
6.	<p>EN ISO 12402-4:2020</p> <p>Gairis snámhachta phearsanta — Cuid 4: Seaicéid tarrthála, leibhéal feidhmíochta 100 — Ceanglais sábháilteachta (ISO 12402-4:2020)</p> <p>Fógra:</p> <p>Cur i bhfeidhm chlásal 5.6 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.1.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425.</p> <p>Cur i bhfeidhm chlásail 5.1.2, 5.1.3, 5.1.5, 5.1.7, 5.2, 5.3.1.1, 5.3.1.2, 5.3.2.2, 5.3.2.3, 5.3.4.3, 5.3.4.4, 5.6.1.4, 5.6.1.7, 5.6.1.8, 5.6.1.9, 5.6.1.10 agus 5.6.1.11 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 1.2.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425.</p> <p>Cur i bhfeidhm chlásail 5.1.2, 5.2, 5.3.1.1, 5.3.2.2, 5.3.4.2, 5.3.4.4, 5.6.3 agus 5.7 den chaighdeán seo, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an mbuncheanglas sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 3.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425.”</p>

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)